

# Straitéis 2022–2026

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

National Library of Ireland



Íomhá: Díon cruinneachánach i Seomra Léitheoireachta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

# Straitéis 2022–2026

# Réamhrá an Chathaoirligh

Is í an Leabharlann Náisiúnta a choinníonn cuimhní na hÉireann beo. Bailíonn an phríomhinstitiúid leabharlainne agus chultúir seo na bailiúcháin náisiúnta neamhghnácha agus cosnaíonn sí iad d'fhonn scéalta na hÉireann a roinnt le daoine ar fud na tíre agus ar fud an domhain. Tá a cuid bailiúchán, a pobal, a bonneagar fisiciúil agus digiteach agus na caidrimh agus na cuimhní cinn ar fad a chruthaigh na milliúin cuairteoirí thar na blianta mar chnámh droma ag an Leabharlann Náisiúnta.

Beidh deiseanna iontacha ann don Leabharlann Náisiúnta sna cúig bliana atá amach romhainn go háirithe agus muid ag tabhairt aghaidh ar an gcéad chéim eile dár dtionscadal leanúnach forbartha caipitil. Cuirfidh an deis seo, nach mbeidh againn arís, ar chumas na Leabharlainne athchóiriú iomlán a dhéanamh ar an ionad a mbíodh leabhair stóráilte ann i gCliathán Thiar an Phríomhfhoirgnimh chun eispéireas spreagúil cultúrtha a chruthú–ionas go mbeidh spás mór poiblí nua cruthaithe do ghlúin nua cuairteoirí.


Is cinnte go bhfuil dúshláin amach romhainn, de bharr cúrsaí buiséid agus foirne a bheith teoranta agus mar gheall ar an tionchar leanúnach domhanda atá ag Covid-19 orainn, ach creidim gur rudaí iontacha atá i ndán don Leabharlann Náisiúnta. Tá go leor bainte amach againn le cúig bliana anuas, lena n-áirítear an-fhorbairt a bheith déanta ar na bailiúcháin, ceannacháin mhóra, ceannaireacht léirithe i leith digitiú, comhpháirtíochtaí nua bunaithe le hIonad Cultúir agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann chun an Taispeántas 'Seamus Heaney: Listen Now Again' a chruthú agus forbairt a bheith déanta ar Mhúsaem Litríochta na hÉireann (MoLI) i bpáirt leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cuireann an straitéis cúig bliana seo leis na héachtaí sin agus cruthaíonn sé deiseanna nua agus uaillmhianta níos mó ná riamh don Leabharlann Náisiúnta.

Is cúis áthais dom an straitéis cúig bliana seo, a d'fhorbair Bord, Stiúrthóir agus Feidhmeannas na Leabharlainne Náisiúnta a chur i láthair. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Leabharlainne agus gach duine a chuir leis na comhairliúcháin a bhí ar bun le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal, chuidigh siad seo ar fad le feabhas a chur ar an bhfís straitéiseach seo.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do Catherine Martin Uasal, An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus a hoifigigh agus buíochas a ghabháil leo as an tacaíocht láidir a thugann siad don Leabharlann Náisiúnta. Chuidigh tacaíocht an Aire linn le mór-cheannacháin, tionscadail digitithe, taispeántais nua, an mórthionscadal leanúnach forbartha caipitil agus go leor eile. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le hOifig na nOibreacha Poiblí as a dtiomantas mar a bhaineann leis an bhforbairt ar champas na Leabharlainne Náisiúnta agus go háirithe na scileanna agus an saineolas a léiríonn siad maidir leis an obair athchóirithe ar an gCliathán Thiar d'fhoirgneamh na Leabharlainne ar Shráid Chill Dara.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don fhíorfhlaithiúlacht a léirigh ár ndeontóirí agus ár lucht tacaíochta ar fad. Cuireann siad ar bhealach fiúntach agus uathúil leis na bailiúcháin agus le hobair na Leabharlainne. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile na Leabharlainne as a dtiomantas don fhoras iontach seo.

**Eoin McVey,**
**Cathaoirleach**



Tá a bheith fáilteach agus cuimsitheach lárnach do gach a ndéanaimid. Coinnímid na bailiúcháin náisiúnta ar iontaobhas do mhuintir na hÉireann, agus is í an fhís atá againn na bailiúcháin uathúla seo a roinnt leis an domhan

Íomhá: Radharc daoine ar chéimeanna Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, tógtha ag Noel Moffett, ca. 1940

# Cé dó an Leabharlann Náisiúnta?

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ann don dream ar fad a bhfuil suim acu in Éirinn, is cuma cén áit ar domhan a bhfuil siad lonnaithe. Cuirtear seirbhísí na Leabharlainne Náisiúnta ar fáil gan srian don phobal, a bhuí le maoiniú ó Rialtas na hÉireann.

**Is féidir le cuairteoirí taitneamh a bhaint as raon leathan seirbhísí poiblí ar an láthair, araon inár bhfoirgnimhi mBaile Átha Cliath, nó ar líne ó áit ar bith ar domhan lena n-áirítear:**

- Taispeántais
- Gníomhaíochtaí foghlama
- Seirbhísí staire teaghlaigh
- Turais + Imeachtaí

## Ticéid Léitheoirí

Is féidir le duine ar bith os cionn 16 bliana d'aois le haitheantas grianghrafadóireachta cur isteach ar Thicéad Léitheora chun rochtain a fháil ar na bailiúcháin go léir in ár seomraí léitheoireachta.

## Rochtain ar líne ar fáil do chách

Is féidir le gach duine rochtain a fháil ar ábhar bailiúcháin digitithe ag baint úsáide as ár gcatalóg ar líne.




Íomhá: Ag dul i gcomhairle le hábhar i Seomra Léitheoireachta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

# An comhthéacs a mbímid ag obair ann

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leabharlann na dtaifead d'Éirinn; tá ár mbailiúcháin buan agus teacht orthu ag gach duine. Ó bunaíodh an Leabharlann sa bhliain 1877, táimid ag bailiú na mbailiúcháin náisiúnta a chuimsíonn oidhreacht liteartha, chultúrtha agus dhoiciméadach na hÉireann ar feadh na mblianta, tugaimid cosaint dóibh agus cuirimid ar fáil iad agus tá sé i gceist againn leanúint den obair seo san am atá le teacht. Tá na bailiúcháin i gcroílár gach a mbíonn ar siúl againn sa Leabharlann Náisiúnta, acmhainn ar leith atá iontu a choinnímid slán do mhuintir na hÉireann, ar an gcaoi go bhféadfadh aon duine le spéis in Éirinn breathnú orthu agus taitneamh a bhaint astu.

Tá an straitéis nua seo á fhorbairt don Leabharlann Náisiúnta ag am a bhfuil imeachtaí neamhghnácha ag titim amach ar fud an domhain agus go háitiúil. Is straitéis í a thabharfaidh treoir don eagraíocht i ré na paindéime domhanda, tráth a bhfuil tionchar an athraithe aeráide ag éirí níos measa, agus imeachtaí suntasacha polaitiúla ag tarlú ar oileán na hÉireann, go háirithe mar a bhaineann leis an mBreatimeacht. Beidh na glúnta atá le teacht ag braith ar rath na straitéise seo chun rochtain a fháil ar bhailiúcháin a thabharfaidh léargas dóibh ar a raibh ag tarlú in Éirinn agus ar fud an domhain le linn na tréimhse 2022-2026.

Le linn 2020-2021, fuair na milliúin bás nuair a scaip Covid-19 ar fud an domhain, agus bhí tionchar aige ar gach gné den tsochaí agus den gheilleagar. Sa Leabharlann Náisiúnta thugamar go tapa faoin gcianobair agus chuireamar ár seirbhísí in oiriúint chun go bhféadfaí iad a sheachadadh ar líne. Dúnadh agus osclaíodh ár bhfoirgnimh bunaithe ar threoir an Rialtais agus an chomhairle sláinte poiblí, agus athraíodh na seirbhísí ar fad a bhí á gcur ar fáil ar an láthair chun freastal ar an scaradh fisiciúil agus ar an seachadadh gan teagmháil. Bhailíomar taithí na hÉireann ar Covid-19, agus leanamar de bheith ag bailiú agus ag forbairt na mbailiúchán náisiúnta. Níl tionchar fadtéarmach Covid-19 le feiceáil fós ach tabharfar aghaidh air seo le linn thréimhse na straitéise seo.




Íomhá: Turas timpeall an Chliathán Thiar i bhfoirgneamh na Leabharlainne ar Shráid Chill Dara

# An Leabharlann Náisiúnta a athshamhlú

Táimid i lár an tionscadail tógála is suntasaí i stair na Leabharlainne Náisiúnta. Cuireadh tús i ndáiríre lenár mórfhorbairt chaipitil dar teideal 'An Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú' in 2017 agus leanfar leis le linn thréimhse na straitéise seo. Is í seo an infheistíocht is suntasaí i mbonneagar fisiciúil na Leabharlainne ó osclaíodh ár bPríomhfhoirgneamh álainn don phobal in 1890. Go dtí seo, tá obair thógála a bhfuil géarghá léi ar siúl ar fud ár gcampas ar Shráid Chill Dara, lena n-áirítear aistriú sealadach agus athlonnú na bpriontaí, na líníochtaí agus na mbailiúchán gearrshaolacha chomh maith leis na bailiúcháin foilsithe ina bhfuil breis agus 350,000 mír a tháinig ó shé stór de chruacha leabhar Victeoiriacha. Tá taisclann nua de leabhair ar an láthair againn agus tá athlonnú déanta againn ar ár seomra seimineáir chomh maith le cuid mhaith den chóiríocht foirne agus na limistéir oibriúcháin sa chúlra. Is tionscadal thar a bheith uaillmhianach é an mórfhiontar seo agus tá sé riachtanach mar a bhaineann le todhchaí na Leabharlainne Náisiúnta toisc go gcuirfidh sé stóráil shábháilte ar fáil do na bailiúcháin náisiúnta, rochtain uilíoch dár gcuairteoirí ar fad, agus spásanna poiblí iontacha agus úrnua do chách. D'fhonn na pleananna móra trípháirteacha seo a chur i gcrích, i bpáirt le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, teastaíonn an-tiomantas ó thaobh buiséid, acmhainní, ama agus saineolais.





Íomhá 1: Tús le taighde ar stair teaghlaigh ar shuíomh gréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann;
Íomhá 2: Ag féachaint ar chuntas Instagram Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar fhón póca

# Ag féachaint romhainn

Tá an straitéis seo suite freisin i dtréimhse ina bhfuil athrú mór ag teacht ar earnáil na leabharlann ar fud na cruinne, de bharr go bhfuil dúshlán á chruthú do leabharlanna náisiúnta ar fud an domhain toisc cruthú an ábhair dhigití a bheith níos lárnaí, go bhfuil na teicneolaíochtaí nua agus an seachadadh ar líne ag teacht chun cinn go tapa agus go gciallaíonn gealltanais fhadtéarmacha na céadta bliain. Is é an sprioc atá againn cuimhne thaifeadta na hÉireann a ghabháil agus a chaomhnú i ngach saghas formáid, rud a chiallaíonn níos mó de réir a chéile formáid dhigitghinte dála suíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta, sruthanna fuaime agus físe, ríomhphoist agus doiciméid agus grianghraif dhigiteacha. Cé gur dúshlán é, thugamar aghaidh air le linn thréimhse na straitéise deiridh nuair a sheolamar sraith de thionscadail phíolótacha chun roinnt cartlanna casta digitghinte a bhailiú, a chaomhnú agus a chur ar fáil. Tá an obair ríthábhachtach seo ar siúl faoi láthair agus cuirfidh sé ar ár gcumas, in am tráth, a bheith ag bailiú go cuimsitheach ar fud na Leabharlainne, faoi threoir ár mBeartas Forbartha Bailiúcháin, beag beann ar fhormáid.

Tá an éagsúlacht agus ionchuimsiú lárnach i ngach gné dár gcuid oibre, agus iad bunaithe ar thraidisiún fada ina gcuirtear fáilte roimh chách. D'fhoilsíomar ár gcéad Bheartas ar an éagsúlachta agus ionchuimsitheacht, bhunaíomar coiste oibre um éagsúlacht agus ionchuimsiú agus chuathas i gcomhairle le grúpaí mionlaigh agus le grúpaí nach ndéantar mórán ionadaíochta orthu le linn thréimhse na straitéise deireanaí. Táimid meáite ar leanúint de bheith ag tabhairt tús áite don chomhionannas agus ag cur éagsúlacht agus ioncuimsitheacht san áireamh i ngach gné dár gcuid oibre, inár mbailiúcháin agus inár gcaidrimh agus ár gcomhpháirtíochtaí.

Cuireann an Leabharlann Náisiúnta réimse leathan seirbhísí agus feidhmeanna i gcrích leis an bhfoireann díograiseach atá againn; lena n-áirítear lear mór spásanna don léitheoireacht a sholáthar, ceannachán agus catalógú, seirbhísí staire teaghlaigh, illáithreáin taispeántais, imeachtaí, turais agus foghlaim ar an láthair agus ar líne, digitiú, obair athghrafach,

caomhnú, caomhnú digiteach, rannpháirtíocht ar líne, meáin shóisialta, agus an riarachán ar fad a thacaíonn leis an eagraíocht seirbhíse poiblí seo. Táimid níos fearr ná ár gcosúlacht nuair a smaoiníonn tú gur 110 ball foirne atá againn, rud atá go maith faoi bhun a bhfuil ag leabharlanna náisiúnta ár gcomhpháirtithe san Eoraip.

Ar deireadh, táimid ag obair i gcomhthéacs na bhforbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá in earnálacha na leabharlainne agus an chultúir, agus ar bhonn níos leithne i réimse na seirbhíse poiblí. Táimid faoi thionchar ag agus cuirimid le: Tionscadal Éireann 2040 an Phlean Forbartha Náisiúnta; beartais agus straitéis na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán lena n-áirítear beartais a chuireann an Ghaeilge chun cinn; beartais de chuid an Rialtais a bhaineann le dea-rialachas, nuachóiriú agus nuálaíocht san earnáil phoiblí; spriocanna a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe domhanda a bhaint amach, agus CONUL, LAI, CENL agus IFLA i measc go leor eile. Táimid an-bhuíoch as an tacaíocht leanúnach a thugann an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus ár gcomhpháirtithe agus ár ndeontóirí ar fad dúinn agus ní éireodh linn gach a bhfuil leagtha amach sa straitéis seo a bhaint amach dá n-uireasa.

## Tuarascáil ar an dul chun cinn i gcomparáid le Straitéis 2016–2021

Tógann an straitéis nua seo ar an méid a baineadh amach le linn thréimhse na straitéise deiridh 2016-2021. Ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi fhorbairt na straitéise nua rinneamar coimisiúnú ar athbhreithniú neamhspleách ar an dul chun cinn, rud a thug le fios go raibh plean 2016-2021 uaillmhianach agus dírithe ar thionchar a bheith aige, agus gur neartaigh sé an ceangal idir an Leabharlann agus muintir na hÉireann agus a thábhacht dóibh.

**Fuarthas amach san athbhreithniú:**


"Go leor bainte amach sa tréimhse cúig bliana, go príomha maidir le láithreáin nua a bheith forbartha ar mhaithe le rannpháirtíocht an phobail, méadú a bheith tagtha ar líon na gcuairteoirí, tuilleadh spáis stórála sábháilte agus slán a bheith cruthaithe, dul chun cinn déanta sa turas digiteach agus an cheannasaíocht a ghlac an Leabharlann Náisiúnta maidir leis an éagsúlacht agus an ionchuimsitheacht."

"Tá an claonadh láidir i dtreo na héagsúlachta agus ionchuimsitheacht atá ag an Leabharlann Náisiúnta agus an fhorbairt ar an gcéad Pholasaí foirmiúil um Éagsúlacht agus Cuimsiú de chuid na Leabharlainne aitheanta mar bhealach leis an Leabharlann a chur chun cinn mar spás atá oscailte agus fáilteach. Ina theannta sin, chuir sé lionsa nua ar fáil don Leabharlann chun a mhachnamh a dhéanamh ar bhearnaí atá sna bailiúcháin agus sa lucht féachana a bhíonn ag plé leis na bailiúcháin sin."

"Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí comhoibríocha bunaíodh roinnt comhpháirtíochtaí suntasacha, rud a chuidigh le tionscadail rannpháirtíochta poiblí ar mhórscála. Ar an gcuid ba shuntasaí acu sin bhí an comhfhiontar ar Mhúsaem Litríochta na hÉireann (MoLI) le UCD agus an comhoibriú maidir le Seamus Heaney leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Banc na hÉireann."

I measc na nithe eile a bhí bainte amach, luadh feabhas ar chatalógú, feabhas ar an stóráil lasmuigh den láthair, próifíl níos fearr a bheith ag an Leabharlann mar gheall ar cheannacháin mhóra agus tionscadal an Sciatháin Thiar, rud a chinntigh go mbeadh sciar suntasach den bhailiúchán slán ón damáiste a dhéanfadh dóiteáin agus tuilte agus ag an am gcéanna spás tábhachtach a bheith á chur ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht an phobail, cláir shuntasacha taispeántais agus foghlama a bheith forbartha agus infheistíocht déanta in acmhainneacht na Leabharlainne ar líne agus go digiteach, an méadú atá tagtha ar líon na mbailiúchán is féidir a chuardach ar líne, agus an t-athrú go dtí an seachadadh ar líne le linn na paindéime.

Tugann an t-athbhreithniú dá aire gur colúin leanúnacha iad colúin straitéiseacha na Leabharlainne agus molann sí díriú níos mó ar fhorbairt na foirne agus ar éagsúlú ó thaobh maoinithe sa tréimhse atá amach romhainn.














**Leathanach ar chlé:** George Morrison sa Leabharlann, 2018; Edna O'Brien ina teach; Eoin O'Malley cruthaitheoir saothar ealaíne cártaí Nollag na Leabharlainne Náisiúnta 2021. **Leathanach ar dheis:** Foireann ar chéimeanna na Leabharlainne; Michael Tient, Buaiteoir na Catagóire Sinsearach ó Choláiste Marino, Baile Átha Cliath, lena mhúinteoir, Joan Lyne.



An raibh a fhios agat go dtugann muid aire do bhreis agus 12 mhilliún réad lena n-áirítear leabhair agus nuachtáin ó gach cearn den tír, grianghraif agus lámhscríbhinní, léarscáileanna agus priontaí agus líníochtaí, agus anois, rud atá ag méadú i rith an ama, ábhar digiteach lena n-áirítear láithreáin ghréasáin

Íomhá: Fuinneog ghloine dhaite i halla tosaigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

## Ár Misean

Cuimhne thaifeadta na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a dhéanamh inrochtana.

## Ár bhFís

Scéal na hÉireann a roinnt leis an domhan trí na bailiúcháin uathúla atá againn.

## Ár Luachanna

**Ag fáiltiú roimh chách**
Agus prionsabail an chomhionannais agus na hilchineálachta i gcroílár gach a mbíonn ar siúl againn, táimid tiomanta do bheith fáilteach agus ionchuimsitheach mar a bhaineann lenár n-úsáideoirí agus ár bhfoireann uilig, agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár n-úsáideoirí ar fad.

**Iontaobhas**
Bímid ag bailiú agus ag cuir rochtain ar fáil go hionraic agus go neamhspleách chun léargas a thabhairt ar eispéireas leathan na hÉireann.

**Comhoibríoch**
Creidimid i gcaidrimh láidre a bhunú agus a bheith ag obair i gcomhpháirt le raon leathan comhpháirtithe agus a bheith ag obair ar fud na heagraíochta.

**Forásach**
Táimid tiomanta mar a bhaineann leis an nuálaíocht, an ionchuimsitheacht, an chruthaitheacht agus an fhoghlaim a spreagadh, agus bímid de shíor ag faire amach le haghaidh bealaí nua le dul i mbun oibre.





Íomhá: Taobh amuigh de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

# Tosaíochtaí straitéiseacha

Tá an straitéis seo á fhorbairt le creat de chúig cholún straitéiseacha, a thabharfaidh fócas agus treoir don Leabharlann Náisiúnta thar an tréimhse 2022-2026. Leanann siad ar aghaidh le hobair na tréimhse straitéisí 2016-2021 inar leagadh béim ar thosaíochtaí seasmhacha don Leabharlann Náisiúnta dála bailiú agus cosaint, tráth ar cuireadh tús le roinnt tionscadal agus gealltanas a mhairfidh deich mbliana.

Leagtar amach sna cúig cholún sin clár straitéiseach uaillmhianach don tréimhse 2022-2026 a dhéanfaidh an Leabharlann Náisiúnta a bhunathrú agus a athshamhlú trí chlár athfhorbartha caipitil nach dtarlóidh ach aon uair amháin agus a dhéanfaidh obair chuimsitheach ar fud ár seirbhísí agus ár bhfeidhmeanna ar fad. Tacaíonn na cúig cholún seo leis an Leabharlann Náisiúnta ina hiomláine, agus d'fhéadfadh go mbeadh na gníomhaíochtaí a chuirtear i láthair faoi gach colún leathan agus go mbeadh tionchar acu ar na huaillmhianta atá leagtha amach sna colúin eile.



# Bailigh

Tá an bailiúchán is mó d'ábhar faisnéise de chuid na hÉireann atá in aon áit ar domhan bailithe ag an Leabharlann Náisiúnta. Is sinne leabharlann na dtaifead ar son na hÉireann, agus tá sainordú againn faoin Acht um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta 1997 bailiúchán náisiúnta d'ábhar leabharlainne a bhaineann le hÉirinn a fhorbairt. Mar leabharlann taisce dhlíthiúil táimid i dteideal cóip de gach rud a fhoilsítear sa Stát agus bímid gníomhach ó thaobh ábhar a bhaineann le hÉirinn a fhoilsítear lasmuigh den Stát a bhailiú ionas go mbeidh taifead cuimsitheach de leabhair, nuachtáin agus tréimhseacháin de chuid na hÉireann inár mBailiúcháin d'Ábhar Foilsithe.

Tá Bailiúcháin Speisialta na Leabharlainne thar barr ar fad agus áirítear leo lámhscríbhinní, priontaí, líníochtaí, grianghraif, léarscáileanna agus ábhar gearrshaolach. Tá an t-ábhar seo á bhailiú ón am ar bunaíodh muid agus tá cuid mhaith de nach bhfuil fáil air ach sa Leabharlann Náisiúnta amháin agus tá beagnach gach rud atá ann neamhchoitianta nó neamhghnách. Tá páipéir liteartha le scríbhneoirí dála WB Yeats, James Joyce, Edna O'Brien agus Seamus Heaney, a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu, bailithe againn. Tá lear mór páipéir a bhaineann le heastáit talún de chuid na hÉireann, polaiteoirí de chuid na hÉireann, comhlachtaí cultúrtha, páipéir theaghlaigh, agus bailiúcháin Ghaeilge bailithe againn, chomh maith le taifid na gceardchumann, na bpáirtithe polaitiúla agus na gcomhlachtaí feachtasaíochta. Tá cúig mhilliún grianghraf inár gCartlann Grianghrafadóireachta Náisiúnta i mBarra an Teampaill.

Inár mBailiúchán Digiteach tá níos mó ná 140,000 mír a ndearnadh digitiú orthu as bailiúcháin na Leabharlainne, agus de réir a chéile táimid ag bailiú níos mó ábhar digitghinte a cruthaíodh go hiomlán i bhformáid dhigiteach, amhail suíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta, grianghrafadóireacht dhigiteach agus ríomhphoist. Tá ábhar fuaime agus ábhar amhairc atá nua agus tábhachtach chomh maith le hábhar scríofa á chruthú gach uile lá agus á chur ar líne agus tá sé riachtanach an t-ábhar digiteach seo, a bhfuil fás as cuimse ag teacht air i aghaidh na bliana, a bhailiú mar thaifead ar shaol comhaimseartha na hÉireann. Táimid, de réir a chéile, ag cur níos mó de ghuthanna na mban agus de ghuthanna na ndreamanna nach mbíonn mórán ionadaíochta acu leis na bailiúcháin náisiúnta.

Íomhá: Imleabhair na catalóige i Seomra Léitheoireachta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann



## Bailigh: Príomhchuspóirí

1. A bheith ag bailiú ar bhealach ionadaíoch agus cuimsitheach d'fhonn léargas a thabhairt ar ilchineálacht eispéireas na hÉireann
2. Beartas agus Treoirlínte nua a fhoilsiú maidir le Forbairt Bailiúcháin
3. Infheistíocht a dhéanamh d'fhonn feabhas a chur ar ár saineolas agus ar ár n-acmhainneacht le go mbeidh ar ár gcumas an t-ábhar chomhaimseartha leathan atá ag teacht chun cinn a bhailiú ar bhealach réamhghníomhach
4. An raon formáid a bhíonn á bhailiú againn a leathnú amach agus próisis iomlánaíocha a fhorbairt chun teacht ar ábhar comhaimseartha, beag beann ar an bhformáid
5. Leanúint ar aghaidh ag bailiú taifead foilsithe agus taifead staire an náisiúin agus ábhar taisce dhlíthiúil leictreonach a chur leis chomh maith le fearann gréasáin iomlán na hÉireann má cheadaíonn an reachtaíocht é

# Cosaint

Is tosaíocht leanúnach dúinn i rith an ama cosaint a thabhairt do na bailiúcháin náisiúnta dár bhfoireann agus dár n-úsáideoirí agus iad a choinneáil slán agus iad ag plé leis an Leabharlann Náisiúnta.
Is croífheidhm de chuid na Leabharlainne Náisiúnta é aire a thabhairt do na bailiúcháin, rud a chuireann ar ár gcumas a chinntiú go mbíonn rochtain inbhuanaithe ar na bailiúcháin náisiúnta agus áirítear leis sin gníomhaíochtaí caomhnaithe, cóireáil chaomhnaithe, caomhnú coisctheach, cóiríocht a oireann don fheidhm a chur ar fáil chun na bailiúcháin a stóráil agus a úsáid agus caoi a choinneáil uirthi, catalógú agus meiteashonrú, digitiú, caomhnú digiteach, slándáil agus pleanáil don athshlánú ó thubaiste. Tá na tascanna criticiúla seo mar bhonn agus mar thaca ag gach rud a bhíonn ar siúl againn.

San áireamh sna bailiúcháin atá faoinár gcúram tá plátaí grianghrafadóireachta déanta as gloine a gcaithfear an-aire a thabhairt dóibh agus lámhscríbhinní i nGaeilge ón 14ú haois, 25km de leabhair agus cartlann láithreáin ghréasáin na hÉireann. Fágann éagsúlacht agus fairsinge na mbailiúchán seo agus castacht ár gcoinníollacha go bhfuil an caomhnú, cosaint agus slándáil ina ndúshláin leanúnacha dúinn go fisiciúil agus go digiteach araon. Tugaimid aire do níos mó ná dhá mhilliún déag mír in a lán suíomhanna éagsúla, agus cuirimid seirbhísí ar fáil do na céadta míle duine ar an láthair agus do na milliúin ar líne.
De bharr go bhfuil mórthionscadal forbartha caipitil ar siúl againn faoi láthair, tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh againn mar a bhaineann le dul i ngleic leis an imní faoi chosaint a thabhairt do na bailiúcháin náisiúnta, ach tá neart fós le déanamh lenár suíomhanna agus ár ngníomhaíochtaí go léir.

Coinneoidh ár gcuid oibre le linn thréimhse na straitéise seo na bailiúcháin náisiúnta slán do na glúnta atá le teacht. Táimid ag tabhairt na ngealltanas seo ionas go mbeidh na glúnta d'Éireannaigh atá le teacht, ar fud oileán na hÉireann agus ar fud an domhain mhóir, in ann foghlaim faoina gcultúr agus a n-oidhreacht agus faoin gcuimhne náisiúnta.

Íomhá: Caomhnóir ag obair ar fhógra dráma ó bhailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

## Cosaint: Príomhchuspóirí

1. Ár mbailiúcháin leathana fhisiciúla agus dhigiteacha, atá ag dul i méid, a dhaingniú, a chaomhnú agus a chosaint
2. Máistirphlean a leagan amach don fhorbairt fhadtéarmach ar ár suíomhanna go léir, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar na riachtanais stórála a bhaineann le bailiúcháin fadtéarmacha na Leabharlainne Náisiúnta agus aghaidh a thabhairt orthu
3. Céimeanna tosaigh an mháistirphlean a sheachadadh, lena n-áirítear barrfheabhas a chur ar na spásanna seachadta seirbhíse agus ar an gcóiríocht foirne, coinníollacha stórála níos fearr do na bailiúcháin náisiúnta agus feabhas ar inrochtaineacht
4. Tionscnaimh coigilte fuinnimh agus inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm ar fud ár gcampais, agus rannchuidiú go gníomhach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus ár gcomhshaol a chosaint
5. Athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh ar ár mbainistiú riosca, ár slándáil agus cibearshlándáil, ár leanúnachas gnó agus an phleanáil i dtaca le athshlánú ó thubaistí, agus na beartais go léir a thugann cosaint dár mbailiúcháin, dár bhfoireann agus dár n-úsáideoirí



# Nochtadh

Tá scéal na hÉireann á nochtadh ag an Leabharlann Náisiúnta le breis agus 140 bliain. Ó osclaíodh ár bhfoirgneamh suntasach leabharlainne ar Shráid Chill Dara in 1890, is iomaí glúin de scríbhneoirí, ealaíontóirí, staraithe agus taighdeoirí a rinne scrúdú ar na bailiúcháin náisiúnta sa Seomra Léitheoireachta álainn a bhfuil díon cruinneachánach air. Sa lá atá inniu ann, tá seirbhísí againn don stair teaghlaigh agus spásanna taighde le haghaidh Bailiúcháin Speisialta. Déanaimid freastal ar dhaoine níos faide ó bhaile ná na foirgnimh fisiciúla dár gcuid, toisc go gcuireann an rochtain dhigiteach ár mbailiúcháin ar fáil ar líne do líon mór úsáideoirí nach bhfacthas a leithéid cheana agus go meallann an rannpháirtíocht ar líne daoine óga agus lucht féachana nua ar fud an domhain. Is croífheidhm i gcónaí í an chatalógú, rud a fhágann go mbíonn daoine ar fud an domhain in ann bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta a fheiceáil agus tugann an digitiú deis d'úsáideoirí rochtain a fháil ar ábhair is cuma cá bhfuil siad. Le linn thréimhse na straitéise seo déanfaimid an saibhreas a bhaineann le bailiúcháin na Leabharlainne a nochtadh trínár dtiomantas taifead catalóige a chruthú de na bailiúcháin ar fad atá againn, agus leanfaimid orainn ag déanamh catalógú agus digitiú ar ár mbailiúchán Gaeilge.

Is í an athfhorbairt chaipitil ar phríomhfhoirgneamh na Leabharlainne ar Shráid Chill Dara an nochtadh is mó ar fad; mar thoradh ar an tionscadal tógála seo nach dtarlóidh ach aon uair amháin beidh gailearaithe ollmhóra nua againn le haghaidh taispeántais, rochtain uilíoch do chách, áiseanna nua don fhoghlaim agus le haghaidh imeachtaí, siopa nua agus caifé, agus spásanna poiblí aoibhne nua chomh maith le cúinní léitheoireachta a bhféadfaidh gach duine taitneamh a bhaint astu. Sna gailearaithe nua taispeánfar cartlann Band Aid, seoda na Leabharlainne Náisiúnta, na Buaiteoirí Nobel WB Yeats agus Seamus Heaney, agus go leor eile. Is é an t-athshamhlú seo ar an Leabharlann Náisiúnta an gealltanas is uaillmhianaí dá raibh againn ó 1890 i leith agus tá sé ag tarlú de bharr tacaíocht agus comhpháirtíocht na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

Íomhá: Ag dul i gcomhairle le ábhar i Seomra Léitheoireachta Íocónach Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

## Nochtadh: Príomhchuspóirí

1. An athfhorbairt ar Sciathán Thiar ár bPríomhfhoirgneamh a thabhairt chun críche chun spásanna agus seirbhísí poiblí nua a nochtadh, mar chuid den tionscadal uaillmhianach seo nach dtarlóidh arís
2. Na bailiúcháin go léir atá againn a liostú nó a chatalógú chun go mbeidh teacht ar na bailiúcháin uilig atá ag an Leabharlann Náisiúnta
3. Na bailiúcháin náisiúnta a roinnt ar líne trínár gclár digitithe leanúnach agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt d'fhonn feabhas a chur ar ár gcumas bailiúcháin mhóra a dhigitiú
4. Leanúint den athbhreithniú agus den fhorbairt ar ár seirbhísí tagartha agus taighde ionas go mbeidh siad éasca le húsáid agus ar fáil do gach duine
5. Ár gcumarsáid a fhorbairt ar fud ardáin éagsúla, lena n-áirítear suíomh gréasáin nua atá go hiomlán dátheangach, le gur féidir gach rud a chuireann an Leabharlann Náisiúnta ar fáil a nochtadh



# Bunaigh caidreamh


Tá traidisiún na Leabharlainne Náisiúnta mar a bhaineann leis an bhfáilte agus an rannpháirtíocht mar bhonn agus mar thaca ag gach rud a bhíonn ar siúl againn agus tá an rannpháirtíocht leis an bpobal ina chuid beo agus lárnach dár gcuid oibre. Cuidíonn na taispeántais, na himeachtaí, na turais agus na gníomhaíochtaí foghlama linn rannpháirtíocht chuimsitheach leis na bailiúcháin atá againn ar iontaobhas a chur chun cinn. Cuireann na healaíontóirí cónaithe, na taispeántais ar líne agus na cláir leathana rannpháirtíochta le bunscoileanna agus le meánscoileanna, ar ár gcumas teagmháil a dhéanamh le réimse leathan den phobal ar fud an domhain, ar bhealaí samhlaíocha agus rannpháirteacha. Is tiomantas leanúnach é a bheith ag bunú caidrimh trí Ghaeilge agus áirítear air sin taispeántais sa dá theanga agus imeachtaí i nGaeilge. Tá inrochtaineacht lárnach i leagan amach ár láithreáin gréasáin nua agus sna dearaí dár dtionscadal forbartha caipitil. Déantar leabharlann níos uilechuimsithí agus níos ionadaí den Leabharlann Náisiúnta trí chaidreamh a bhunú, trí dhul i gcomhairle agus trí chomhpháirtíochtaí a chruthú le grúpaí níos iléagsúla, grúpaí mionlaigh agus grúpaí a bhfuil gannionadaíocht orthu agus cinntíonn gur Leabharlann Náisiúnta sinn do chách.

Le cúig bliana anuas, d'oibríomar le breis agus céad comhpháirtí chun níos mó a bhaint amach le chéile ná mar a bheadh bainte amach againn choíche linn féin. Chruthaigh na chomhpháirtíochtaí ba mhó a bhí againn an taispeántas 'Seamus Heaney: Listen Now Again' in Ionad Cultúir agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann ar Fhaiche an Choláiste, agus Músaem Litríochta na hÉireann, nó MoLI, san áit ar thosaigh UCD amach, i dTeach Newman ar Fhaiche Stiabhna. Go dtí seo, tá na céadta míle cuairteoir tar éis cuairt a thabhairt ar na suíomhanna nua taispeántais seo. D'oibríomar i gcomhpháirt le pobail éagsúla d'fhonn taispeántais agus cláir chomhchoimeádta a sheachadadh, lena n-áirítear ár bpríomhthionscadal 'Ag Maireachtáil le Bród' Feachtas LGBTI+. Is é an chéad tionscadal mór comhpháirtíochta eile a bheidh againn ná an athfhorbairt mhór ar Sciathán Thiar na Leabharlainne chun ceann scríbe den chéad scoth a chur ar fáil a fháilteoidh roimh na céadta míle cuairteoir in aghaidh na bliana. Le linn thréimhse seo na straitéise beimid ag díriú ar an infheistíocht mhór seo ionas go mbeidh an eispéireas is fearr a d'fhéadfadh a bheith acu curtha ar fáil dár gcuairteoirí ar fad.

Íomhá: Léamha comórtais Poetry Aloud sa Phríomhsheomra Léitheoireachta in 2019

## Bunaigh caidreamh: Príomhchuspóirí

1. Fáilte a chur roimh gach duine agus gach duine a bheith san áireamh sa Leabharlann Náisiúnta
2. Díriú ar fhorbairt agus ar bheochan a dhéanamh ar an Sciatháin Thiar d'fhonn ceann scríbe den chéad scoth a chur ar fáil do rannpháirtíocht phoiblí na Leabharlainne Náisiúnta
3. Dul i dteagmháil agus i gcomhairle le pobail éagsúla agus comhoibriú leo ar mhaithe le seirbhísí ar an láthair agus seirbhísí ar líne níos cuimsithí agus níos inrochtana a fhorbairt
4. Leanúint ar aghaidh leis an bhforbairt ar ár gclár ar líne chun cur lenár rannpháirtíocht ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain, agus ár lucht féachana dílis a choinneáil linn
5. Bolscaireacht, margaíocht agus cumarsáid a shaincheapadh d'fhonn cur le líon na gcuairteoirí ar an láthair agus ar líne
6. Clár rannpháirtíochta a fhorbairt a mheallfadh deontóirí agus infheisteoirí



# Nuáil


Bhí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann nuálach ó thús ama, go deimhin féin is coincheap nuálaíocht radacach é coincheap na leabharlainne náisiúnta mar stór don eolas, oidhreacht, cultúr agus cuimhne an náisiúin, agus iad uilig curtha ar fáil go hoscailte agus saor in aisce do chách.

Tá cáil bainte amach againn mar threoraí atá nuálach chomh fada agus a bhaineann le hábhar digiteach a bhailiú agus digitiú a dhéanamh, toisc go bhfuil digitiú déanta againn ar bhreis agus 140,000 mír as na bailiúcháin náisiúnta – a bhfuil fáil orthu ar fad saor in aisce inár gcatalóg ar líne – agus go bhfuil raon de thionscadail phíolótacha á bhforbairt againn chun ceannródaíocht a léiriú mar a bhaineann le hábhar cartlainne digitghinte a bhailiú. Roinnimid an t-ábhar atá digitithe againn ar fud lear mór ardáin ar líne, rud a chuireann ar ár gcumas dul i bhfeidhm ar lucht féachana nua, agus ár gcaidreamh le daoine óga agus le diaspóra na hÉireann a fhorbairt. Téann an úsáid a bhainimid as an nuálaíocht dhigiteach go mór chun tairbhe d'úsáideoirí ar fud an domhain.

Le linn Covid-19 léiríomar nuálaíocht ó thaobh an chaoi ar chuireamar muid féin in oiriúint don chianobair agus ár seirbhísí a sheachadadh ar líne, agus ar an láthair freisin nuair ba ghá gach gné dár gcleachtais oibre a chur in oiriúint don scaradh fisiciúil agus don seachadadh gan teagmháil. Chuir an athfhorbairt a rinneamar ar ár n-imeachtaí, ár dturais agus ár ngníomhaíochtaí foghlama le haghaidh ardáin ar líne, ar ár gcumas a bheith níos cuimsithí agus sroicheadh breise a bheith againn thar mar a bheadh agus muid ag oibriú taobh istigh dár bhfoirgnimh féin. Is é spiorad na nuálaíochta deiseanna ó thaobh feabhsúcháin, éifeachtúlacht agus smaointe nua a thapú, agus le linn na tréimhse straitéise seo cuirfimid leis an méid a léiríomar le linn Covid-19. Tá rún againn leanúint ar aghaidh mar seo chun leasa leanúnach ár n-úsáideoirí agus ár bhfoireann.

## Nuáil: Príomhchuspóirí

1. Fís a fhorbairt do thodhchaí ár Seirbhísí Léitheoireachta
2. Comhpháirtíochtaí taighde a bhunú d'fhonn úsáid na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a fhiosrú agus deis a thabhairt do dhaoine eile ár mbailiúcháin dhigiteacha a athúsáid ar bhealach nuálach
3. Ról gníomhach a imirt inár bpobail, agus taithí agus scileanna a fhorbairt agus a roinnt ag comhdhálacha, ag ceardlanna agus ag imeachtaí
4. An nuálaíocht a chothú ar fud na heagraíochta ionas gur féidir le smaointe, feabhsúcháin agus éifeachtúlachtaí nua bláthú
5. Clár nuálach tacaíochtaí d'Acmhainní Daonna a chur ar fáil dár bhfoireann lena n-áirítear oiliúint, tacaíocht chun cumas sa Ghaeilge a fhorbairt, oiliúint ar phleanáil forbartha agus comharbais, agus timpeallacht oibre atá solúbtha agus sofhreagrach



Íomhá: Ball foirne de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag ullmhú léarscáile ceangailte le haghaidh digitithe




Íomhá: Bealach isteach chuig Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

# Ár Straitéis a sheachadadh

Cuimhneofar ar feadh na mblianta ar gach a mbeidh bainte amach againn le linn thréimhse na straitéise seo. Táimid thar a bheith uaillmhianach, lena n-áirítear athchóiriú iomlán a dhéanamh ar sciathán thiar Phríomhfhoirgneamh na Leabharlainne Náisiúnta, a bheith ag bailiú ar bhealach cuimsitheach agus éagsúil, forbairt a dhéanamh ar bheartais, cleachtais agus pleananna cosanta, tabhairt faoi mhórchláir catalógaithe agus digitithe, feabhas a chur ar ár seirbhísí taighde agus ar chúrsaí cumarsáide, agus ionad oibre níos solúbtha agus níos nuálaí a fhorbairt.

Sa tréimhse seo oibreoimid i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, chun go mbeidh an 'tAthshamhlú' ar an bPríomhfhoirgneamh Victeoiriach faoi lán tseoil, chomh maith lenár bhfís i dtaca le mórspás nua poiblí a bheidh fáilteach agus a mbeidh teacht air go héasca agus taispeánfar bailiúcháin urghnácha na Leabharlainne Náisiúnta, díreofar aird ar chartlann Band Aid, seoda na Leabharlainne Náisiúnta, na Buaiteoirí Nobel WB Yeats agus Seamus Heaney, agus go leor eile. Cuirfimid beocht sa spás speisialta seo trí eispéiris fháilteacha chuimsitheacha agus seirbhísí lán-inrochtana a chur ar fáil do chuairteoirí, agus beidh an Leabharlann Náisiúnta mar a bheadh lóchrann solais ann i saol cultúrtha agus oideachais na hÉireann.

Beidh an rannpháirtíocht a chruthófar le daoine cuimsitheach, fáilteach, inrochtana, agus scaipfidh sé amach ar fud na tíre agus ar fud an domhain. Meallfaidh na spásanna fisiciúla iontacha agus ár rannpháirtíocht bhríomhar ar líne glúin nua d'úsáideoirí, agus leanfaimid orainn ag cur ar fáil na seirbhísí ardchaighdeáin agus an eispéireas do chuairteoirí a thuigeann daoine agus a mbíonn cion acu orainn dá mbarr. Is í an fhís atá againn scéal na hÉireann a roinnt leis an domhan mór trí úsáid a bhaint as ár mbailiúcháin uathúla agus neamhghnácha, agus glacfaimid gach deis chun é seo a dhéanamh a thapú ar líne agus ar an láthair le linn 2022 - 2026.

Aithnímid na dúshláin atá amach romhainn agus na rioscaí a bhaineann leis an maoiniú a bheith laghdaithe, costais a bheith ardaithe, foireann a bheith laghdaithe, gan ár ndóthain áiseanna stórála ar ardchaighdeáin a bheith againn, chomh maith leis an bpráinn a bhaineann le dul i ngleic leis an taifead fisiceach agus digiteach atá ag síormhéadú agus ar na teicneolaíochtaí nua agus na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Tá an t-ardleibhéal saineolais agus tiomantais atá i measc na foirne sa Leabharlann Náisiúnta ina chúis le go mbeidh rath ar chur i gcrích ár n-uaillmhianta agus tá sé tábhachtach agus riachtanach infheistíocht a dhéanamh chun feabhas a chur ar ár dtimpeallacht oibre agus scileanna agus saineolas na foirne a fhorbairt go leanúnach. Ní fhéadfaí an straitéis uaillmhianach seo a bhaint amach gan an fhoireann iontach atá sa Leabharlann Náisiúnta agus bhí siad páirteach i ngach céim dá fhorbairt.

Mar fhocal scoir, ní fhéadfaí aon rud a dhéanamh gan fís agus tacaíocht Bhord na Leabharlainne Náisiúnta. Rinneadh an straitéis seo a fhorbairt lena dtreoir agus faoina gceannaireacht. Leagfar amach pleananna agus buiséid ghnó gach bliain agus déanfaimid ár bhfeidhmíocht a mheas agus a thomhas go diongbháilte le Bord na Leabharlainne Náisiúnta, lena chinntiú gur féidir linn na huaillmhianta móra atá leagtha amach sa straitéis cúig bliana seo a bhaint amach.

# Ár mBord

**Buíochas le Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:**

An Cathaoirleach Eoin McVey

An Dochtúir Marie Bourke

An tOllamh Maeve Conrick

John Grenham

Lisa Grimm

Lorelei Harris

An Dochtúir Conor Kostick

Katherine McSharry

An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh

An tOllamh Kalpana Shankar

Caitriona Sharkey

Jennifer Taaffe

Íomhá clúdaigh: Marc O'Sullivan

Íomhá: Taobh amuigh de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann



nli

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

National Library of Ireland